AN BANC CEANNAIS EORPACH

AN tEUROCHÓRAS

20 Márta 2024

# SAINORDÚ AN CHOISTE INIÚCHÓIREACHTA

Déanann Coiste Iniúchóireachta ardleibhéil – arna bhunú ag an gComhairle Rialaithe de bhun Airteagal 9b de Rialacha Nós Imeachta an Bhainc Ceannais Eorpaigh (BCE) – na sraitheanna inmheánacha/seachtracha rialaithe atá i bhfeidhm cheana féin a neartú agus cuireann sé tuilleadh feabhais ar rialachas corparáideach BCE, lena gcumhdaítear feidhmeanna baincéireachta ceannais agus maoirseachta baincéireachta araon, an Sásra Maoirseachta Aonair (SMA) agus an tEurochóras.

## 1. Cuspóir agus raon feidhme an Choiste Iniúchóireachta

Cabhróidh an Coiste Iniúchóireachta leis an gComhairle Rialaithe ina freagrachtaí maidir le feidhmiú chúraimí agus ghníomhaíochtaí BCE/an Eurochórais faoi Reacht an Chórais Eorpaigh Banc Ceannais agus an Bhainc Ceannais Eorpaigh agus faoi Rialachán SMA[1], trí chomhairle agus/nó tuairimí a chur ar fáil maidir leis na nithe seo a leanas:

a) sláine faisnéise airgeadais;

b) maoirseacht ar rialuithe inmheánacha;

c) comhlíonadh dlíthe, rialacháin agus cóid iompair infheidhme;

d) comhlíonadh feidhmeanna iniúchóireachta.

## 2. Freagrachtaí

### 2.1 Sláine na faisnéise airgeadais

Déanfaidh an Coiste Iniúchóireachta measúnú ar leordhóthanacht agus éifeachtacht fhoriomlán na bpróiseas is bun le bunú ráitis airgeadais BCE agus ar leordhóthanacht fhoriomlán na nochtuithe gaolmhara. Chun na críche sin, déanfaidh an Coiste Iniúchóireachta an méid seo a leanas:

a) athbhreithniú a dhéanamh ar na ráitis airgeadais bhliantúla sula bhformheasfaidh an Chomhairle Rialaithe iad;

b) plé a dhéanamh leis na hiniúchóirí inmheánacha agus seachtracha agus le bainistíocht BCE ar na tuarascálacha iniúchóireachta gaolmhara (lena n-áirítear an litir bhainistíochta), chomh maith le haon deacrachtaí a tháinig chun cinn le linn na hoibre iniúchóireachta agus/nó aon easaontuithe suntasacha leis an mbainistíocht;

[1] Rialachán (AE) Uimh. 1024/2013 ón gComhairle an 15 Deireadh Fómhair 2013 lena dtugtar cúraimí sonracha don Bhanc Ceannais Eorpach maidir le beartais a bhaineann le maoirseacht stuamachta ar institiúidí creidmheasa (IO L 287, 29.10.2013, lch. 63).

c) ráiteas a fháil ón iniúchóir seachtrach lena ndeimhnítear gur dréachtaíodh na ráitis airgeadais i gcomhréir le rialacha cuntasaíochta formheasta agus go ndearnadh iniúchadh cuí orthu;

d) comhairle a chur ar an gComhairle Rialaithe maidir le formheas na ráiteas airgeadais.

Thairis sin, déanfaidh an Coiste Iniúchóireachta athbhreithniú ar aon saincheisteanna suntasacha cuntasaíochta/tuairiscithe airgeadais de chuid an Eurochórais a bhféadfadh tionchar a bheith acu ar ráitis airgeadais an Bhainc Ceannais Eorpaigh.

### 2.2 Formhaoirseacht ar rialuithe inmheánacha

Déanfaidh an Coiste Iniúchóireachta measúnú ar éifeachtacht agus leordhóthanacht fhoriomlán na gcreataí rialaithe inmheánaigh agus bainistíochta riosca agus cuirfidh sé a thuairim ar fáil don Chomhairle Rialaithe ina leith. Chun na críche sin, déanfaidh an Coiste Iniúchóireachta an méid seo a leanas:

a) meastóireacht a dhéanamh ar na creataí bainistíochta riosca oibriúcháin agus airgeadais (lena n-áirítear ionchorprú na rioscaí a bhaineann leis an athrú aeráide) agus ar phróisis ghaolmhara;

b) plé a dhéanamh leis na hiniúchóirí inmheánacha agus seachtracha agus leis na bainisteoirí riosca maidir leis na tuarascálacha ábhartha agus, go háirithe, na mór-neamhchosaintí ar rioscaí oibríochtúla, airgeadais agus clú;

c) leordhóthanacht agus tráthúlacht na mbeart a glacadh chun faireachán agus rialú a dhéanamh ar neamhchosaintí den sórt sin a mheas agus, ar bhonn níos ginearálta, a áirithiú go dtabharfar aird chuí ar mholtaí agus ar ábhair imní;

d) meastóireacht a dhéanamh ar na creataí maidir le sceithireacht agus cosaint do sceithirí ar fhrithbheart agus ar phróisis ghaolmhara;

e) moltaí a cheapadh, de réir mar is cuí, agus ar an gcaoi sin tacú le timpeallacht ina gcothaítear sláine, rialú agus cultúr dearfach ina bhféadfaidh daoine “labhairt amach”.

### 2.3 Comhlíonadh dlíthe, rialacháin agus cóid iompair infheidhme

Déanfaidh an Coiste Iniúchóireachta measúnú ar leordhóthanacht fhoriomlán na gcreataí comhlíontachta agus ar éifeachtacht na bpróiseas chun faireachán a dhéanamh ar chomhlíonadh, agus tabharfaidh sé a thuairim don Chomhairle Rialaithe ina leith. Chun na críche sin, déanfaidh an Coiste Iniúchóireachta an méid seo a leanas:

a) athbhreithniú ar an gcreat comhlíontachta agus ar na próisis faireacháin ghaolmhara;

b) pléifidh sé leis na hiniúchóirí inmheánacha agus seachtracha, leis an gComhairle Ghinearálta, leis an bPríomhoifigeach Comhlíontachta agus Rialachais agus, de réir mar a bheidh, le Cathaoirleach an Choiste Eitice agus le cathaoirligh choistí an Eurochórais/BCE na tuarascálacha ábhartha agus, go háirithe, cúrsaí comhlíonta a bhféadfadh tionchar suntasach a bheith acu i dtaobh chúrsaí airgeadais agus/nó clú;

c) cuirfear ar an eolas é faoi mhórtheagmhais agus/nó cásanna neamhchomhlíonta agus

déanfaidh sé leordhóthanacht agus tráthúlacht na mbeart a glacadh mar thoradh air sin a mheas;

d) moltaí a cheapadh, de réir mar is iomchuí, agus ar an gcaoi sin tacú le timpeallacht ina gcothaítear sláine agus dea-rialachas.

### 2.4 Feidhmeanna iniúchóireachta

Déanfaidh an Coiste Iniúchóireachta measúnú ar éifeachtacht agus leordhóthanacht fhoriomlán na bhfeidhmeanna iniúchóireachta. Chun na críche sin, déanfaidh an Coiste Iniúchóireachta an méid seo a leanas:

a) déanfaidh sé athbhreithniú ar chlár oibre Choiste na nIniúchóirí Inmheánacha sula ndéanfaidh an Chomhairle Rialaithe é a fhormheas agus cuirfidh sé a thuairim ina leith faoi bhráid na Comhairle Rialaithe;

b) déanfaidh sé athbhreithniú ar chlár oibre Stiúrthóireacht Iniúchóireachta Inmheánaí an Bhainc Ceannais Eorpaigh agus, de réir mar a bheidh, a thuairim a thabhairt ina leith;

c) déanfaidh sé measúnú ar fheidhmíocht Stiúrthóireacht Iniúchóireachta Inmheánaí an Bhainc Ceannais Eorpaigh agus ar fheidhmíocht Choiste na nIniúchóirí Inmheánacha, chomh maith le feidhmíocht iniúchóir seachtrach BCE, chun a áirithiú go bhfeidhmeoidh na feidhmeanna iniúchóireachta i gcomhréir leis na caighdeáin ghairmiúla is infheidhme agus is iomchuí;

d) déanfaidh sé aird na Comhairle Rialaithe a tharraingt ar aon saincheisteanna a d'fhéadfadh dochar a dhéanamh d'oibriú éifeachtach na bhfeidhmeanna iniúchóireachta, lena n-áirítear a neamhspleáchas, a rochtain rúnda agus dhíreach ar a gcomhlacht cinnteoireachta faoi seach, chomh maith le rochtain ar an bhfoireann agus ar fhaisnéis, agus a bhfoinsiú leordhóthanach;

e) déanfaidh sé comhairle a chur ar an gComhairle Rialaithe i dtaobh moltaí maidir le hiniúchóirí seachtracha an Eurochórais a cheapadh.

### 2.5 Freagrachtaí eile

Sa bhreis ar na freagrachtaí a leagtar amach thuas, féadfaidh an Coiste Iniúchóireachta:

a) gníomhaíochtaí eile a bhaineann leis an sainordú seo a chur i gcrích, má iarrann an Chomhairle Rialaithe amhlaidh;

b) a mholadh go gcuirfeadh an Bord Feidhmiúcháin de chúram ar an Stiúrthóireacht Iniúchóireachta Inmheánaí agus/nó aon fheidhm ábhartha eile déileáil le hábhair shonracha a thagann faoi raon feidhme fhreagrachtaí an Choiste Iniúchóireachta.

## 3. Rochtain ar bhaill foirne, ar fhaisnéis agus ar chomhairle sheachtrach

Beidh rochtain neamhshrianta ag an gCoiste Iniúchóireachta ar bhaill den bhainistíocht agus ar bhaill foirne agus ar aon doiciméid agus ar aon fhaisnéis a mheasann sé atá ag teastáil chun a fhreagrachtaí a

chomhlíonadh go leordhóthanach, mar a áirítear sa sainordú seo.

Go háirithe, féadfaidh an Coiste Iniúchóireachta seisiúin phríobháideacha a thionól – gan an comhalta de Bhord Feidhmiúcháin BCE a bheith i láthair – le ceannaire na feidhme iniúchóireachta inmheánaí agus le hiniúchóir seachtrach BCE, ar a thionscnamh féin nó arna iarraidh sin do cheannaire na feidhme iniúchóireachta inmheánaí nó d'iniúchóir seachtrach BCE. Thairis sin, tiocfaidh an Coiste Iniúchóireachta le chéile ar bhonn rialta le ceannairí na bhfeidhmeanna oibríochtúla agus bainistíochta riosca airgeadais agus, de réir mar a bheidh, leis an gComhairle Ghinearálta agus leis an bPríomh-Oifigeach Comhlíontachta agus Rialachais, nó le haon chomhalta bainistíochta eile a mheasann sé a bheith riachtanach chun a fhreagrachtaí a chomhlíonadh go leordhóthanach.

Gheobhaidh an Coiste Iniúchóireachta achoimrí feidhmiúcháin ar na tuarascálacha iniúchóireachta go córasach; cuirfear na tuarascálacha iomlána ar fáil arna iarraidh sin.

Ina theannta sin, gheobhaidh an Coiste Iniúchóireachta na nithe seo a leanas san am céanna a tharchuirfear chuig an gComhairle iad: (i) an tuairim iniúchóireachta bhliantúil ar ráitis airgeadais BCE; (ii) litir bhainistíochta iniúchóir seachtrach BCE, mar aon le freagra an Bhoird Feidhmiúcháin; (iii) an réamhthuarascáil bhreathnóireachta ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa (CIE)[2], mar aon le freagairt an Bhoird Feidhmiúcháin; agus (iv) réamhchóip de thuarascáil phoiblí CIE sula bhfoilseofar í.

Thairis sin, gheobhaidh an Coiste Iniúchóireachta tuarascálacha ina dtabharfar aghaidh ar shaincheisteanna tábhachtacha a bhaineann le rialú de chineál riosca airgeadais agus/nó oibriúcháin, chomh maith le tuarascálacha ginearálta ar ábhair a bhaineann le comhlíonadh na ndlíthe, na rialachán agus na gcód iompair is infheidhme agus/nó tuarascálacha sonracha maidir le mórchásanna neamhchomhlíonta.

## 4. Tuairisciú

Tuairisceoidh an Coiste Iniúchóireachta ar bhonn bliantúil don Chomhairle Rialaithe maidir leis an obair a bheidh déanta aige le linn na bliana roimhe sin. Le linn dó déanamh amhlaidh, cuirfidh an Coiste Iniúchóireachta a mheasúnú maidir le héifeachtacht na gcreataí rialaithe foriomlána ar fáil don Chomhairle Rialaithe agus, de réir mar is iomchuí, leagfaidh sé a mholtaí amach. Lena chois sin, tuairisceoidh an Coiste Iniúchóireachta don Chomhairle Rialaithe pé uair a mheasfaidh sé gur iomchuí sin agus/nó sa chás gur gá sin chun a fhreagrachtaí a chomhlíonadh.

## 5. Comhdhéanamh an Choiste Iniúchóireachta

Beidh suas le seisear comhaltaí ar an gCoiste Iniúchóireachta: Leas-Uachtarán an Bhainc Ceannais Eorpaigh, beirt ghobharnóirí shinsearacha ó bhainc cheannais náisiúnta de chuid an limistéir euro (a dtiocfaidh ar a laghad duine amháin acu ó bhanc ceannais náisiúnta sa limistéar euro a bhfuil freagracht mhaoirseachta air) agus suas le triúr comhaltaí seachtracha.

Roghnófar na comhaltaí seachtracha as measc ardoifigeach a bhfuil taithí acu ar bhaincéireacht cheannais,

[2] Airteagal 27.2 de Reacht CEBC.

ar mhaoirseacht bhaincéireachta agus/nó ar chúrsaí airgeadais, agus chomh maith leis sin, as measc saineolaithe aitheanta ón saol acadúil agus/nó ó ghairm na hiniúchóireachta, ar choinníoll nach bhfuil post acu san earnáil airgeadais ag an am céanna. Roghnófar comhalta seachtrach amháin ar a laghad, trí ghlao poiblí ar léirithe spéise, as measc daoine aonair nach raibh post acu roimhe sin laistigh den Eurochóras.

Cé is moite de Leas-Uachtarán BCE, a bheidh ina c(h)omhalta den Choiste Iniúchóireachta *ex officio*, ceapfaidh an Chomhairle Rialaithe na comhaltaí eile go ceann tréimhse trí bliana, agus féadfar an tréimhse sin a athnuachan uair amháin. Toghfaidh an Coiste Iniúchóireachta Cathaoirleach as measc a chomhaltaí (ní bheidh Leas-Uachtarán an Bhainc Ceannais Eorpaigh incháilithe don ról).

Beidh comhaltaí seachtracha an Choiste Iniúchóireachta i dteideal táille choinneála bhliantúil agus luach saothair *per diem* a fháil in aghaidh gach lae a thagann an Coiste le chéile. Socróidh an Chomhairle Rialaithe méid an luach saothair.

## 6. Rúndacht agus Cód Iompair

Ní nochtfaidh comhaltaí an Choiste Iniúchóireachta do dhaoine neamhúdaraithe aon fhaisnéis rúnda a gheobhaidh siad i gcomhlíonadh a ndualgas agus leanfaidh siad de bheith faoi réir na gceanglas maidir le rúndacht ghairmiúil atá leagtha síos in Airteagal 37 de Reacht CEBC fiú tar éis deireadh a theacht lena ndualgais.

Go ginearálta, agus a ndualgais á gcomhlíonadh acu, comhlíonfaidh comhaltaí an Choiste Iniúchóireachta na prionsabail a leagtar síos i gcreat eitice BCE, i.e. An Cód Iompair aonair[3], ina ndéantar tagairt shoiléir d’fhreagracht na gcomhaltaí sláine agus cáil an Eurochórais a choimirciú.

Is doiciméid de chuid BCE iad doiciméid arna ndréachtú nó arna sealbhú ag comhaltaí den Choiste Iniúchóireachta maidir le gníomhaíochtaí an Choiste agus dá bhrí sin déanfar iad a rúnaicmiú agus a láimhseáil i gcomhréir le hAirteagal 23.3 de Rialacha Nós Imeachta an Bhainc Cheannais Eorpaigh.

## 7. Neamhspleáchas chomhaltaí an Choiste Iniúchóireachta

Agus a bhfreagrachtaí faoin sainordú seo á gcomhlíonadh acu, gníomhóidh comhaltaí an Choiste Iniúchóireachta go neamhspleách agus ní iarrfaidh siad ná ní ghlacfaidh siad treoracha ó aon duine ná ó aon chomhlacht laistigh den Bhanc Ceannais Eorpach, ná ó aon institiúid lasmuigh den Bhanc Ceannais Eorpach, den Sásra Maoirseachta Aonair ná den Eurochóras. Urramóidh na daoine, na comhlachtaí agus na hinstitiúidí a ndéanann sainchúram an Choiste Iniúchóireachta difear dóibh an neamhspleáchas sin.

Staonfaidh comhaltaí an Choiste Iniúchóireachta ó pháirt a ghlacadh i bplé i gcásanna coinbhleachta leasa, fiú má bhraitear nó má mheastar go bhféadfadh coinbhleacht leasa a bheith ann.

Síneoidh comhaltaí seachtracha Dearbhú Iompair Eitice agus Dearbhú poiblí leasanna ina léireofar aon leas díreach nó indíreach a d’fhéadfaí a mheas ina leith go bhfuil sé dochrach dá neamhspleáchas, nó easpa aon

[3] Cód Iompair le haghaidh oifigigh ardleibhéil BCE (IO C 478, 16.12.2022, lch. 3).

leasa den sórt sin.

### 8. Na teorainneacha atá le ról an Choiste Iniúchóireachta

Is ar an gCoiste Iniúchóireachta a bheidh na freagrachtaí comhairleacha agus formhaoirseachta a leagtar amach sa sainordú seo. Ní bheidh sé de dhualgas ar an gCoiste Iniúchóireachta ná ní bheidh sé freagrach as athbhreithnithe iniúchóireachta nó cuntasaíochta a dhéanamh chun a áirithiú go bhfuil ráitis airgeadais agus nochtuithe an Bhainc Ceannais Eorpaigh iomlán agus cruinn. Is iad an lucht bainistíochta agus an t-iniúchóir seachtrach a bheidh freagrach as athbhreithnithe den sórt sin.

Thairis sin, ní bheidh an Coiste Iniúchóireachta rannpháirteach i ngníomhaíochtaí a bhaineann le beartas airgeadaíochta a fhoirmliú ná le maoirseacht ar institiúidí creidmheasa.

### 9. Cruinnithe

Tiocfaidh an Coiste Iniúchóireachta le chéile ceithre huaire sa bhliain ar a laghad. Féadfaidh an Cathaoirleach cruinnithe breise a thionól más gá sin. Bítear ag súil go bhfreastalóidh comhaltaí an Choiste go pearsanta ar gach cruinniú.

De ghnáth, tabharfar cuireadh do cheannaire na feidhme iniúchóireachta inmheánaí freastal ar na cruinnithe.

Is é is córam don Choiste Iniúchóireachta má bhíonn trí chúigiú de na comhaltaí i láthair.

### 10. Athbhreithniú ar an sainordú agus ar an bhféinmheasúnú seo

Déanfaidh an Coiste Iniúchóireachta athbhreithniú ar a shainordú uair amháin ar a laghad gach trí bliana agus cuirfidh sé tuarascáil ina leith faoi bhráid na Comhairle Rialaithe. Sa chomhthéacs sin, déanfaidh an Coiste Iniúchóireachta féinmheasúnú ar a fheidhmíocht.

### 11. Foilsiú an tsainordaithe seo

Foilseofar sainordú an Choiste Iniúchóireachta ar shuíomh gréasáin an Bhainc Ceannais Eorpaigh.